



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Feimheacht agus Stiúirthóirí Cuideachta

Tá impleachtaí do stiúirthóirí maidir leis an athrú úrnua reachtaíocht dóchmhainneachta, agus borradh féimheachta dá eis. I dhá fhoirm a dtagann said.

Ar dtús, deireann Achtanna na gCuideachta dá ngníomhíonn duine is féimheach neamh-urscaoilte mar stiúirthóir, déanann sé/sí cion. Sonraíonn Alt 183(1) d'Acht na gCuideachtaí 1963 mar a leanas:

"...má ghníomhaíonn aon duine ar féimheach neamhurscaoilte é mar stiúirthóir ar aon chuideachta, nó má bhíonn baint nó páirt aige go díreach nó go neamhdhíreach le bainistí aon chuideachta, ach amháin le cead na cúirte, beidh sé ciontach i gcion."

Sa chás seo, áiríonn oifigeach stiúirthóir cuideachta agus rúnaí cuideachta araon.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-áiríonn sin gníomh mar stiúirthóir cuideachta ionchorpraithe lasmuigh Éirinn atá áit ghnó bunaithe lastigh Éirinn aici, agus freisin ní hamháin ar daoine aonair breithníodh ina fhéimheach in Éirinn ach freisin sa chás ina rinneadh féimheach é in aon Stát eile.

Is é an dara cheist go ndeireann Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais na Cuideachta caighdeánach cuideachta (leagtha amach I dTábla A d'Acht na Cuideachta 1963)

Dícháiliú Stiúirthóirí.

91. Scarfar le hoifig stiúirthóra i gcás an stiúirthóir—

...

(b) a bhreithniú ina fhéimheach sa Stát nó i dTuaisceart Éireann nó sa Bhreatain Mhór nó é do dhéanamh aon chomhshocraíochta nó imshocraíochta lena chreidiúnaithe i gcoitinne

Sa chás seo, má ghlacann cuideachta le Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais na Cuideachta caighdeánach agus má dhearbhaítear féimheach thú meastar nach I do stiúirthóir den cuideachta tú. Má leanann tú mar stiúirthóir sa chúinse seo, tá tú i mbaol tú féin a nochtadh do iarmhairtí suntashach airgeadais, dliteanas pearsanta féideartha san áireamh.

Spreagann and OSFC ar daoine aonair atá féimheach cheana féin nó atá ag dul i mbun an próisis féimheacha a s(h)easamh maidir le dlí na gcuideachta a rialiú, agus éirí as aon stiúirthóireacht cuideachta atá aige/aici, chun na hiarmhairtí dlíthiúla a sheachaint.